

An Réamhrá

Ullmhaíodh an t-ábhar samplach a chuirtear i láthair chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Cuirtear in iúl go garbh ann cé na cineálacha agus formáidí míreanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama i Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí ar leibhéal comónta, ach ní áirítear ann gach cineál agus formáid míre a d'fhéadfaí a úsáid. Ba cheart na míreanna a chuirtear san áireamh a léamh mar shamplaí de phíosaí aonair d'ábhar measúnaithe; ní scrúdpháipéir iomlána ná codanna de scrúdpháipéir iad. Ní ceisteanna iomlána ná codanna de cheisteanna ó scrúdpháipéar iad, ná ní dhéantar iarracht iontu an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an scrúdpháipéar a athchruthú, mar shampla, mar leabhrán comhtháite a chuimsíonn na ceisteanna agus an spás le haghaidh fhreagraí na scoláirí.

Tá Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí, agus na Treoirí Measúnaithe le fáil ar www.curriculumonline.ie.

Conas teacht ar ghearrthóga ceoil

Tá na gearrthóga ceoil a theastaíonn sa chuid chluastuisceana de na samplaí seo faoi iamh sa cháipéis seo. Má tá tú ag amharc ar an gcáipéis ar Adobe Reader, is féidir teacht orthu faoin roghchlár iatán, a bhfuil fáis-cín páipéir mar shiombail leis. Tá ainm le gach comhad don sampla lena mbaineann sé.

Mura bhfuil Adobe Reader agat, molaimid é a uaslódáil saor in aisce ag an nasc seo a leanas:

<https://get.adobe.com/reader/>.

Sampla 1

Comhad fuaime amháin le seinm trí huairé.

Seinnfear an sliocht seo trí huairé.

(i.) Ainmnigh uirlis:

- A sheinneann an tséis: _____

- A sheinneann an tionlacan: _____

(ii.) An bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach?

	Ráiteas	Fíor	Bréagach
1	Tá scálaí suas agus scálaí síos sa tséis.		
2	Tá seichimh sa tséis.		
3	Tá an ceol i mionghléas.		
4	Tempo <i>largo</i> atá ann.		
5	Tá an uigeacht monafónach.		
6	Tá dordán sa tionlacan.		

Sampla 2

Tá gach athsheinm agus bearna san áireamh.

Cloisfidh tú sliocht ón amhrán *Perfect* le Ed Sheeran. *Seinnfear an sliocht dhá uair.*

Tá liricí an amhráin thíos:

*I found a love for me
Darling just dive right in
And follow my lead
Well I found a girl beautiful and sweet
I never knew you were the someone waiting for me*

*'Cause we were just kids when we fell in love
Not knowing what it was
I will not give you up this time*

*But darling, just kiss me slow, your heart is all I own
And in your eyes you're holding mine*

1. Tá an t-amhrán á chasadh ag:
(a) amhránaí fireann (b) amhránaí baineann
2. Cé mhéad buille atá i ngach barra ceoil?
(a) 2 (b) 3 (c) 4
3. An dtosaíonn an tséis
(a) ag tús an bharra (b) ar bhuille suas/anacrúis?

Seinnfear an chuid seo dhá uair

*Line 1 'Cause we were just kids when we fell in love
Line 2 Not knowing what it was
Line 3 I will not give you up this time*

(circle chord changes)

*Line 4 But darling, just kiss me slow, your heart is all I own
Line 5 And in your eyes you're holding mine*

4. Tá na nithe seo sa chuid seo:
(a) nótaí athdhéanta (b) seichimh (c) aithris
5. Cuir ciorcal thart ar gach focal i línte 4 agus 5 ag a gcloistear athrú corda.

Sampla 3

Seinn an píosa fuaimne samplach trí huair.

Tá séis 8 mbarra priontáilte thíos a bhfuil nótaí in easnamh ann. Tá **trí** chuid le freagairt sa cheist seo.

Cuid 1, barraí 1–4 – baineann sé seo le héisteacht le séis agus í a scríobh síos.

Cuid 2, barraí 5–8 – iarrtar ort anseo do shéis féin a scríobh síos.

Cuid 3, barraí 5–8 – iarrtar ort anseo cordaí a chur leis an tséis.

Tá na treoracha uile le gach cuid. Tugtar an tséis thíos mar léiriú amháin agus níor cheart í a líonadh isteach. Freagair gach cuid as féin.



1 2 3 4

d r m s m r s m

5 6 7 8

m f s d r d t l s s

Cuid 1: Barraí 1-4

- Seinnfear an mhír thosaigh ceithre bharra trí huaire ar an bpianó.
- Beidh sos tar éis gach uair a sheinntear í.

Úsáid an rithim a thugtar chun na nótaí séise atá in easnamh i mbarraí 3-4 thíos a líonadh isteach. Féadfaidh tú na nótaí atá in easnamh a chur isteach ar an scór NÓ an sólfá tonach a scríobh sa bhosca folamh thíos. Tugtar an sólfá tonach a úsáideadh i mbarraí 1 agus 2 le cabhrú leat. Tá ocht nóta in easnamh.



1 2 3 4

d r m s m r s m

SPÁS DON OBAIR GHARBH

Cuid 2: Barraí 7–8

- Cuir séis le barraí 7-8 thíos, ionas go mbeidh cuma chríochnaithe ar an bport.

Cuid 3: Barraí 5–8

Anois, roghnaigh cordaí oiriúnacha le bheith mar thionlacan le barraí 5-8 thíos. Scríobh sna boscaí os cionn na séise iad. Féadfaidh tú na Siombailí Corda nó Uimhreacha Rómhánacha a úsáid.

Diagram showing a musical staff with six empty boxes above it for chord symbols. The staff contains notes with fingerings: m (5), f s (6), d (7), r d t l s (7), s (8).

SPÁS DON OBAIR GHARBH

Scale	
Triads	
Chord Symbols	D Em F#m G A Bm C# ^o
Roman Numerals	I ii iii IV V vi vii^o

Blank musical staves for practice.

Sampla 4

Iarradh ort seinnliosta a chur le chéile d'imeacht speisialta (m.sh. saoire teaghlaigh/imeacht spóirt scoile). Ainmnigh an t-imeacht speisialta agus ainmnigh trí amhrán a chuirfeá ar an seinnliosta, agus tabhair cúis le haghaidh gach amhráin a roghnaigh tú, ag tagairt do na gnéithe ceoil.

Ainm an imeachta speisialta

Trí amhrán

Teideal an amhráin	An chúis a bhfuil an t-amhrán oiriúnach don seinnliosta
1.	
2.	
3.	

Sampla 5

Seinn an comhad fuaime trí huair.

Seinnfear an ceol don cheist seo **TRÍ** huair

Tá an cheist seo bunaithe ar amhrán dar teideal Aus meinen Tränen spriessen le Robert Schumann. Tá ceithre mhír cheoil san amhrán seo. Tá an chéad mhír priontáilte duit:



Aus mei - nen Trä - nen sprie - ssen viel blü - hen - de Blu - men her - vor,

Sainaithin pleán litreach (struchtúr) an amhráin.

1ú mhír	A
2ra mír	
3ú mír	
4ú mír	

Seo sampla de:

Foirm Aonadach

Foirm Dhénártha

Foirm Thrínártha

Tá an séis á canadh ag:

Guth baineann

Guth fireann

Ainmnigh an uirlis a thugann tionlacan don amhránaí.

D'úsáid an cumadóir téacs dáin a bhí scríofa cheana don phársa seo. Sampla atá ann de:

Bailéad

Ária

Amhrán ealaíne

Sampla 6

C.1 Ainmnigh eagraíocht a bhailíonn dleachtanna thar ceann cumadóirí in Éirinn.

C.2 Ainmnigh ardán idirlín / suíomh gréasáin / aip ar ar féidir leat ceol a roinnt le daoine eile.

C.3 Tabhair dhá chúis ar cheart go bhfaigheadh cumadóirí dleachtanna.

Cúis 1

Cúis 2

Sampla 7

Seinn an comhad fuaime trí huaire.

Sliocht AMHÁIN a sheinntear TRÍ huaire.

Tá an cheist seo bunaithe ar shliocht ó *Spiegel im Spiegel* le Arvo Pärt agus á sheinm ar an bpianó agus an vióla.

(i.) Seinneann an pianó

Scálaí suas

Scálaí síos

Tríchordaí suas

Seichimh

(ii.) Seinneann an vióla

Nótaí marthanacha

Sioncóipiú

Staccato

Nótaí athdhéanta

(iii.) Tá píosa ceoil cruthaithe ag an gcumadóir a bhfuil mothú suaimhneach ann. Déan cur síos ar an gcaoi a gcabhraíonn na gnéithe ceoil seo a leanas chun an mothú sin a chruthú.

Dinimicí

Tempo

Sampla 8

Cuid 1

Tá dhá shliocht sa cheist seo.

Taifead den amhrán traidisiúnta *Róisín Dubh* is ea Sliocht 1. Sliocht as *Mise Éire*, a chum Seán Ó Riada, is ea Sliocht 2. Cloisfidh tú an dá shliocht **DHÁ UAIR**.

Sliocht 1: Seinn an comhad fuaimne dhá uair.

(i.) Ainmnigh an uirlis thraidisiúnta Éireannach a sheinneann an tséis.

(ii.) Tá an uigeacht cheoil:

Monafónach Homafónach Ilfhónach

Mínigh do fhreagra:

Sliocht 2: Seinn an comhad fuaimne dhá uair.

(i.) Cén uirlis a sheinneann an tséis sa sliocht seo?

Corn Sasanach Corn Francach Trumpa Óbó

(ii.) Cén dinimic is fearr a dhéanann cur síos ar an gceol sa sliocht seo?

ff *p* *crescendo*

(iii.) Mínigh an bhrí atá leis na dinimicí seo:

<i>ff</i>	
<i>p</i>	
<i>crescendo</i>	

Sampla 8

Cuid 2

Anois cloisfidh tú sliocht 1 agus sliocht 2 dhá uair eile. Freagair na ceisteanna thíos.

Seinn an dá chomhad fuaimhe dhá uair.

(i.) Déan cur síos ar chosúlacht cheoil **amháin** idir an dá shliocht.

(ii.) Seachas na huirlisí, déan cur síos ar dhifríocht cheoil **amháin** idir an dá shliocht.

Sampla 9



ÚDARÁS
CRAOLACHÁIN
NA hÉIREANN

BROADCASTING
AUTHORITY
OF IRELAND

Is é Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) rialtóir an chraolacháin in Éirinn. Tá tú ag obair don ghníomhaireacht náisiúnta seo agus iarradh ort tuairisciú ar an am a tugadh do bheirt ealaíontóirí Éireannacha ar na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta.

Cuir do thuairisc i láthair thíos ag tagairt do bheirt ealaíontóirí Éireannacha a ndearna tú staidéar orthu

1. Luaigh ainmneacha na n-ealaíontóirí a roghnaigh tú

(i) _____ (ii) _____

2. Déan cur síos achomair ar stíl an cheoil a sheinneann na healaíontóirí seo

3. Sainaithin na cineálacha meán a d'fhiosraigh tú don tuairisc seo

Cuir do thorthaí i láthair ar an am a tugadh dóibh

Sampla 10

Cuid 1

Seinn an comhad fuaimhe dhá uair.

Sliocht AMHÁIN a sheinntear DHÁ uair.

(i.) Cén chuid den cheolfhoireann ina bhfuil na huirlisí a sheinneann an ceol sa sliocht seo:

Téaduirilís Gaothuirilís Prásuirilís Cnaguirilís

(ii.) Roghnaigh gné cheoil AMHÁIN a tharlaíonn sa cheol:

Scála suas Seicheamh Sioncóipiú Pizzicato

(iii.) Tá beirt ceoltóirí ag seinm sa sliocht seo.

Is é a thugtar ar phársa ceoil do bheirt taibheoirí: _____

Sampla 10

Cuid 2

- Déan staidéar ar an sliocht thíos. Seo oscailt ó pháosa gearr do dhá chnaguirlis.
- Críochnaigh an páosa trí rithim oiriúnach a chumadh do gach uirlis i mbarraí 3 agus 4.
- Roghnaigh cnaguirlis ón liosta thíos i gcomhair gach páirte. Scríobh a n-ainmneacha sna boscaí a chuirtear ar fáil.

DORD-DRUMA	TAMBÓIRÍN	SREANGDHRUMA	BLOC ADHMAID
------------	-----------	--------------	--------------

Two empty rectangular boxes are positioned to the left of a musical staff. The staff is in 4/4 time and contains a melody in the treble clef and a bass line in the bass clef. The melody consists of quarter notes and eighth notes, with rests. The bass line consists of quarter notes and eighth notes, with rests. The staff is divided into four measures by vertical bar lines. The first two measures contain notes, and the last two are empty.

SPÁS DON OBAIR GHARBH

Four empty musical staves are provided for writing. Each staff begins with a double bar line.

Sampla 11

DHÁ shliocht a sheinntear dhá uair.

Tá an cheist seo bunaithe ar an amhrán *Radio GaGa* le Queen.

Sliocht 1: Seinn an comhad fuaime dhá uair.

Tá tionlacan cordúil sa chuid seo den amhrán. Cuir líne faoi na focail nó na siollaí ag a seinntear na cordaí. Tá an chéad cheann déanta duit. Cloisfidh tú an sliocht seo dhá uair.

Líne 1 I'd sit alone and watch your light

Líne 2 My only friend through teenage nights

Líne 3 And everything I had to know

Líne 4 I heard it on my radio

The image shows musical notation for the song 'Radio GaGa' by Queen. It features two staves: 'Voice' and 'Bass Drum'. The voice staff is in 4/4 time and contains the lyrics: 'All we hear is Ra-di-o Ga-Ga Ra-di-o Goo-Goo Ra-di-o Ga-Ga'. The bass drum staff shows a rhythmic pattern of quarter notes and eighth notes. Below the bass drum staff, there are four groups of numbers: '1 2 3 4', '1 2 3 4', '1 2 3 4', and '1 2 3 4', which correspond to the four measures of the bass drum part.

Sliocht 2: Seinn an comhad fuaime dhá uair.

Sliocht é seo as curfá an amhráin. Cloisfidh tú dhá uair é.

Tá na chéad cheithre bharr scríofa anseo le cabhrú leat:

(i.) Seinneann an dord-druma:

Sioncóipiú

Ostinato

Dordán

(ii.) Tá uimhreacha **i gcló trom** curtha ar na buillí faoi chuid an Dord-druma.

Cuir ciorcal thart ar bhuille amháin ina gcloiseann tú bualadh bos.

Sampla 12

Seinn an comhad fuaime. Tá gach athsheinm agus bearna san áireamh.

Cloisfidh tú ceol ó fhógra teilifíse do chuideachta aerlíne. Tagann an ceol seo as an ngluaiseacht Adagio de K.488 le Mozart. *Seinnfear an ceol dhá uair.*

1. Ainmnigh an uirlis a chloiseann tú ag tús an fhógra.

2. Nuair a thagann an cheolfhoireann iomlán isteach tá an uigeacht

monafónach homafónach ilfhónach

3. Tabhair dhá chúis a gceapann tú go bhfuil an ceol seo oiriúnach d'fhógra do chuideachta aerlíne.

Cúis 1

Cúis 2

4. Ainmnigh fógra a bhfuil staidéar déanta agat air ina bhfuil ceol. Ainmnigh an táirge a bhfuil fógraíocht a déanamh air agus déan cur síos ar an gcaoi a gcuireann an ceol an branda a bhfuil fógraíocht a déanamh air chun cinn.

Táirge a bhfuil fógraíocht á déanamh air

An chaoi ar chabhraigh an ceol leis an mbranda a chur chun cinn:

Sampla 13

- Ainmnigh stíl ceoil a bhfuil staidéar déanta agat air sa rang.
- Tabhair teideal agus cumadóir/taibheoir dhá phíos ceoil den stíl ceoil seo
- Ainmnigh agus déan cur síos ar thrí ghné den stíl seo
- Ba cheart duit tagairt a dhéanamh don cheol a bhfuil staidéar déanta agat air i do fhreagra.

Stíl _____

Dhá phíos ceoil a ndearna tú staidéar orthu (teideal agus cumadóir/taibheoir):

1. _____

2. _____

Gné 1

Gné 2

Gné 3

Sampla 14

Tá gach athsheinm agus bearna san áireamh.

Cloisfidh tú sliocht anois as an gcéad ghluaiseacht i C beag de Cheathairéad Uimh. 12 le Schubert. Seinnfear an sliocht seo uair amháin.

1. Cuir ciorcal thart ar an gclann uirlisí a chloistear sa sliocht seo:

TÉADUIRLISÍ	GAOTHUIRLISÍ	PRÁSUIRLISÍ	CNAGUIRLISÍ
-------------	--------------	-------------	-------------

Anois cloisfidh tú sliocht as an dara gluaiseacht de Chúigréad Pianó op. 81 le Dvořák. Seinnfear an sliocht seo uair amháin.

2. Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra is fearr a dhéanann cur síos ar tempo (luas) an cheoil seo:

tapa (allegro)	mall (lento)	ag luas siúil (andante)
-------------------	-----------------	----------------------------

3. Cuir tic leis an ráiteas is fearr a dhéanann cur síos ar ról an pianó sa sliocht seo:

- Cloistear an pianó an t-am ar fad
- Cloistear an pianó cuid den am

Anois cloisfidh tú sliocht 1 agus sliocht 2 *dhá uair eile*. Freagair na ceisteanna thíos.

Seinn ó thús an chomhaid fuaimne.

4. Ainmnigh dhá bhealach ina bhfuil na sleachta cosúil lena chéile. Déan tagairt do ghnéithe ceoil (m.sh. tempo, dinimicí, ionstraimiú, uigeacht) i do fhreagra.

(i) _____

(ii) _____

5. Ainmnigh dhá bhealach ina bhfuil na sleachta difriúil lena chéile. Déan tagairt do ghnéithe ceoil (m.sh. tempo, dinimicí, ionstraimiú, uigeacht) i do fhreagra.

(i) _____

(ii) _____

Sampla 15

Iarradh ort do cheol féin a chruthú i gcomhair fógra agus do cheol a thabhairt do chuideachta léiriúcháin. Tá go leor smaointe acu chun an taifeadadh a fheabhsú ach níos tábhachtaí fós is gá dóibh roinnt sainéifeachtaí a chur leis an taifeadadh.

Tabhair sampla de dhá shainéifeacht (FX) a chuireann ceoltóirí le ceol agus iad ag taifeadadh nó ag taibhiú beo agus déan cur síos ar an tionchar a bhíonn acu ar fhuaim na huirlise/an ghutha:

1. _____

2. _____

Anois, teastaíonn uait do cheol a chur chun cinn agus a roinnt le lucht éisteachta níos leithne. Tabhair dhá shampla den chaoi a bhféadfá do cheol a roinnt le lucht éisteachta níos leithne.

1. _____

2. _____

Sampla 16

1. Duais cheoil bhliantúil is ea an RTÉ Choice Music Prize a bhronntar ar an albam is fearr ó bhanna ceoil nó ó cheoltóir aonair ar saoránach de Phoblacht na hÉireann agus/nó Tuaisceart Éireann é/í. I gcás banna ceoil, caithfidh formhór na mball a bheith ina saoránaigh Éireannacha.

Cén chaoi a bhféadfadh ainmniúchán don duais seo cabhrú le healaíontóirí Éireannacha a gcuid ceoil a chur chun cinn do lucht éisteachta náisiúnta?

2. Bhuaigh grúpa ceoil tíre chomhaimseartha as Baile Átha Cliath darb ainm Lankum, ina raibh na deartháireacha Ian agus Daragh Lynch, Cormac MacDiarmada agus Radie Peat, an duais d'Albam na Bliana in 2019.

Cén chaoi a bhféadfadh an duais seo borradh a chur faoin am a thugtar do Lankum ar na meáin áitiúla agus náisiúnta?

3. Bhuaigh Westlife Amhrán na Bliana do 2019 as a n-amhrán '*Hello my Love*'. Cinntear duais Amhrán na Bliana trí vóta poiblí.

Cén chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an am a thugtar d'amhrán Westlife sna meáin áitiúla agus náisiúnta ar chinneadh an phobail vótáil dóibh i gcomparáid le healaíontóirí nach seinntear a gcuid amhrán chomh minic céanna?
